Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghaitear Rialacháin (CEE)Uimhi 922/72. (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 347 Eagrán Speisialta Gaeilge, an 20 Nollaig 2013)

(1) An teideal ar an leathanach clúdaigh agus ar leathanach 671:

in ionad: "Rialachán (AE) 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghaitear Rialacháin (CEE) Uimhi 922/72. (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle";

léitear: "Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle".

(2) Leathanach 671, an chéad lua:

in ionad: "Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 42 agus d'Airteagal 43(2) de,";

léitear: "Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,".

(3) Sa Rialachán seo tríd síos, cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail "ainmniúchán tionscnaimh" in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail "sonrúchán tionscnaimh" agus de na focail "ainmniú tionscnaimh".

(4) Leathanach 671, an ceathrú habairt d'aithris (1):

in ionad: "I bhfianaise raon feidhme an athchóirithe, is iomchuí an Rialachán sin a aisghairm agus rialachán nua maidir le comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta a chur ina ionad.";

léitear: "I bhfianaise raon feidhme an athchóirithe, is iomchuí an Rialachán sin a aisghairm agus rialachán nua maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta a chur ina ionad.".

(5) Leathanach 671, aithris (2):

in ionad: "Ba cheart eilimintí bunúsacha uile chomheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta a bheith sa Rialachán seo.";

léitear: "Ba cheart eilimintí bunúsacha uile chomheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta a bheith sa Rialachán seo.".

(6) Leathanach 672, aithris (13):

in ionad: "De réir mar is iomchuí do gach earnáil i bhfianaise an chleachtais agus na taithí ó chomheagraíochtaí na margaí (CEManna) roimhe seo …";

léitear: "De réir mar is iomchuí do gach earnáil i bhfianaise an chleachtais agus na taithí ó chomheagruithe na margaí (CEManna) roimhe seo …".

(7) Leathanach 677, an dara habairt d'aithris (59):

in ionad: "I limistéir áirithe atá incháilithe le haghaidh fíonta a tháirgeadh a bhfuil tásc tionscnaimh nó geografach atá faoi chosaint acu, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann srian a chur ar dheonú na n-údaruithe sin d'athphlanduithe ar bhonn moltaí ó eagraíochtaí gairmiúla aitheanta agus ionadaíocha.";

léitear: "I limistéir áirithe atá incháilithe le haghaidh fíonta a tháirgeadh a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann srian a chur ar dheonú na n-údaruithe sin d'athphlanduithe ar bhonn moltaí ó eagraíochtaí gairmiúla aitheanta agus ionadaíocha".

(8) Leathanach 682, an chéad abairt d'aithris (127):

in ionad: "…agus go háirithe go n-urramófaí feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus chomheagraíocht an mhargaidh.";

léitear: "…agus go háirithe go n-urramófaí feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus chomheagrú an mhargaidh.".

(9) Leathanach 690, aithris (206) (ar lean):

in ionad: "…1972/1973 imithe i léig anois; cuirtear an Rialachán seo in ionad Rialachán (CEE) Uimhir 234/79 ([1]) maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh ainmníocht na Comhtharaife Custaim a choigeartú; Beart sealadach is ea Rialachán (CE) Uimh. 1601/96 ón gComhairle ([2]) maidir le cabhair do tháirgeoirí leannlusanna le haghaidh bhuaint 1995, agus de réir chineál an bhirt féin, tá sé imithe i léig anois. Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle ([3]) lena n-údaraítear tairiscint agus seachadadh fíonta áirithe, tá sé imithe i léig de bhrí gur cuireadh forálacha an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le trádáil i bhfíon arna ghlacadh le Cinneadh 2006/232/CE ([4]) ón gComhairle ina ionad. Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil ba cheart na Rialacháin sin a aisghairm.

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 234/79 ón gComhairle maidir leis na nósanna imeachta lena gcoigeartaítear ainmníocht na Comhtharaife Custaim do tháirgí talmhaíochta (IO L 34, 9.2.1979, lch. 2).
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1601/96 ón gComhairle an 30 Iúil 1996 lena leagtar síos, maidir le leannlusanna, méid na cabhrach do tháirgeoirí le haghaidh bhuaint 1995 (IO L 206, 16.8.1996, lch. 46).
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena n-údaraítear fíonta áirithe arna n-allmhairiú a thairiscint agus a sheachadadh lena gcaitheamh go díreach ag daoine, ar fíonta iad a bhféadfadh cleachtais fhíoneolaíocha nach bhforáiltear dóibh i Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 (IO L 145, 31.5.2001, lch. 12) a bheith déanta orthu.
([4]) Cinneadh 2006/232/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le trádáil i bhfíon a thabhairt i gcrích (IO L 87, 24.3.2006, lch. 1).";

léitear: "… 1972/1973 imithe i léig anois; cuirtear an Rialachán seo in ionad Rialachán (CEE) Uimh. 234/79 maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh ainmníocht na Comhtharaife Custaim a choigeartú; beart sealadach is ea Rialachán (CE) Uimh. 1601/96 ón gComhairle ([1]) maidir le cabhair do tháirgeoirí leannlusanna le haghaidh bhuaint 1995, agus de réir chineál an bhirt féin, tá sé imithe i léig anois. Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle ([2]) lena n-údaraítear tairiscint agus seachadadh fíonta áirithe, tá sé imithe i léig de bhrí gur cuireadh forálacha an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le trádáil i bhfíon arna ghlacadh le Cinneadh 2006/232/CE ón gComhairle ([3]) ina ionad. Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil ba cheart na Rialacháin sin a aisghairm.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1601/96 ón gComhairle an 30 Iúil 1996 lena leagtar síos, maidir le leannlusanna, méid na cabhrach do tháirgeoirí le haghaidh bhuaint 1995 (IO L 206, 16.8.1996, lch. 46).
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena n-údaraítear fíonta áirithe arna n-allmhairiú a thairiscint agus a sheachadadh lena gcaitheamh go díreach ag daoine, ar fíonta iad a bhféadfadh cleachtais fhíoneolaíocha nach bhforáiltear dóibh i Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 (IO L 145, 31.5.2001, lch. 12) a bheith déanta orthu.
([3]) Cinneadh 2006/232/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le trádáil i bhfíon a thabhairt i gcrích (IO L 87, 24.3.2006, lch. 1).".

(10) Leathanach 690, Airteagal 1(1):

in ionad: "… liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí cé is moite de na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. mar a shainmhínítear iad i gníomhartha reachtacha Aontais maidir le comheagraíocht an mhargaidh i dtáirgí iascaigh agus uisceshaothraithe.";

léitear: "… liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí cé is moite de na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe mar a shainmhínítear iad i ngníomhartha reachtacha an Aontais maidir le comheagrú an mhargaidh i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe.";

(11) Leathanach 693, Airteagal 13(1), na focail réamhráiteacha:

in ionad: "1. Maidir le hidirghabháil phoiblí, i gcaitheamh na dtréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 11:";

léitear: "1. Maidir le hidirghabháil phoiblí, i gcaitheamh na dtréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 12:".

(12) Leathanach 694, an dara habairt d'Airteagal 16(2):

in ionad: "I gcásanna den sórt sin, beidh luach cuntasaíochta na dtáirgí sin ar an leibhéal céanna leis an bpraghas socraithe idirghabhála poiblí dá dtagraítear in Airteagal 14(2) den Rialachán seo.";

léitear: "I gcásanna den sórt sin, beidh luach cuntasaíochta na dtáirgí sin ar an leibhéal céanna leis an bpraghas socraithe idirghabhála poiblí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 15(2) den Rialachán seo.".

(13) Leathanach 705, Airteagal 41(1):

in ionad: "1. Cuirfidh gach Ballstát ar táirgeoir é agus a liostaítear in Iarscríbhinn VI dréachtchlár tacaíochta cúig bliana faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na bearta incháilithe a leagtar amach in Airteagal 38.";

léitear: "1. Cuirfidh gach Ballstát ar táirgeoir é agus a liostaítear in Iarscríbhinn VI dréachtchlár tacaíochta cúig bliana faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na bearta incháilithe a leagtar amach in Airteagal 43.".

(14) Leathanach 710, Airteagal 62(1):

in ionad: "1. Féadfar cineálacha fíniúna coitinne arna n-aicmiú i gcomhréir le hAirteagal 81(2) a phlandú nó a athphlandú…";

léitear: "1. Féadfar fíniúnacha de chineálacha fíonchaor arna n-aicmiú i gcomhréir le hAirteagal 81(2) a phlandú nó a athphlandú …".

(15) Leathanach 710, Airteagal 62(4):

in ionad: "…ná maidir le limistéir a bhfuil a gcuid fíona nó a gcuid táirgí fíniúnacha beartaithe lena gcaitheamh ag teaghlach an tsaothróra fíniúna amháin…" ;

léitear: "… ná maidir le limistéir a bhfuil a gcuid fíona nó a gcuid táirgí fíniúnacha beartaithe lena gcaitheamh ag teaghlach an saothraí fíona amháin…" .

(16) Leathanach 719, pointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 91:

in ionad: "(a) lena mbunaítear liosta an bhainne agus na dtáirgí bainne dá dtagraítear sa dara mír de phointe 5 de Chuid III d'Iarscríbhinn VII, mar aon le liosta na saillte inleata dá dtagraítear i bpointe (a) den séú mír de Chuid VII d'Iarscríbhinn VII…";

léitear: "(a) lena mbunaítear liosta an bhainne agus na dtáirgí bainne dá dtagraítear sa dara mír de phointe 5 de Chuid III d'Iarscríbhinn VII, mar aon le liosta na saillte inleata dá dtagraítear i bpointe (a) den séú mír de phointe I de Chuid VII d'Iarscríbhinn VII…".

(17) Leathanach 733, Airteagal 141(5):

in ionad: "5. Ní fhéadfaidh siúcra a stóráiltear i gcomhréir leis an Airteagal seo le linn bliana margaíochta a bheith faoi réir aon bhearta stórála eile dá bhforáiltear in Airteagal 16 nó in Airteagal 130.";

léitear: "5. Ní fhéadfaidh siúcra a stóráiltear i gcomhréir leis an Airteagal seo le linn bliana margaíochta a bheith faoi réir aon bhearta stórála eile dá bhforáiltear in Airteagal 17 nó in Airteagal 130.".

(18) Leathanach 738, pointe (c)(x) d'Airteagal 152(1):

in ionad: "(x) bainistiú a dhéanamh ar na cistí frithpháirteacha dá dtagraítear sna cláir oibríochtúla san earnáil torthaí agus glasraí dá dtagraítear in Airteagal 31(2) den Rialachán seo agus faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;";

léitear: "(x) bainistiú a dhéanamh ar na cistí frithpháirteacha dá dtagraítear sna cláir oibríochtúla san earnáil torthaí agus glasraí dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 33(3) den Rialachán seo agus faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;".

(19) Leathanach 750, pointe (f) d'Airteagal 173(1):

in ionad: "(f) na hearnálacha a bhfuil feidhm ag Airteagal 161 maidir leo, …";

léitear: "(f) na hearnálacha a bhfuil feidhm ag Airteagal 155 maidir leo, …".

(20) Leathanach 751, pointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 175:

in ionad: "(a) aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí atá i mbun gníomhaíochtaí i níos mó ná Ballstát amháin, de bhun na rialacha a ghlactar faoi phointe (d) d'Airteagal 174(1);";

léitear: "(a) aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí atá i mbun gníomhaíochtaí i níos mó ná Ballstát amháin, de bhun na rialacha a ghlactar faoi phointe (d) d'Airteagal 173(1);".

(21) Leathanach 751, pointe (c) den chéad mhír d'Airteagal 175:

in ionad: "(c) an liosta de na limistéir eacnamaíocha sin a dtugann na Ballstáit fógra ina leith de bhun na rialacha a ghlacfar faoi phointe (h) d'Airteagal 174(1) agus faoi phointe (d) d'Airteagal 174(2);";

léitear: "(c) an liosta de na limistéir eacnamaíocha sin a dtugann na Ballstáit fógra ina leith de bhun na rialacha a ghlacfar faoi phointe (i) d'Airteagal 173(1) agus faoi phointe (d) d'Airteagal 173(2);".

(22) Leathanach 753, Airteagal 181(1):

in ionad: "… arna ríomh i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle ([1]) (an Cód Custaim) agus Rialachán (CE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún ([2]).

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail (IO L 302, 19.10.1992, lch. 1).
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 ag leagan síos forálacha chun Rialachán (CE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail a chur chun feidhme (IO L 253, 11.10.1993, lch. 1).";

léitear: "… arna ríomh i gcomhréir le forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle ([1]) (an Cód Custaim) agus Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún ([2])

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail (IO L 302, 19.10.1992, lch. 1).
([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 ag leagan síos forálacha chun Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail a chur chun feidhme (IO L 253, 11.10.1993, lch. 1).".

(23) Leathanach 768, pointe (c) d'Airteagal 230(1):

in ionad: "(c) Airteagail 113a(4), 114, 115 agus 116, Airteagal 117(1) go (4) agus Airteagal 121, chomh maith le pointí I (2) agus (3) agus (III)(1) de Chuid Cd' Iarscríbhinn XIV, pointí 1, 3, 5 agus 6 de Chuid II, agus pointe 2 d' Iarscríbhinn XV chun críche na hAirteagail sin a chur i bhfeidhm …";

léitear: "(c) Airteagal 113a(4), Airteagal 114, Airteagal 115 agus Airteagal 116, Airteagal 117(1) go (4) agus pointe (e)(iv) d'Airteagal 121, chomh maith le pointe IV de Chuid A, pointí I(2) agus (3) agus (III)(1) de Chuid B agus Cuid C d'Iarscríbhinn XIV, agus pointí 1, 3, 5 agus 6 de Chuid II agus pointe 2 de Chuid IV d'Iarscríbhinn XV chun críche na hAirteagail sin a chur i bhfeidhm …".

(24) Leathanach 768, pointe (h) d'Airteagal 230(1):

in ionad: "(h) Pointe (3)(b) de chuid III d'Iarscríbhinn XV go dtí 31 Nollaig 2015;";

léitear: "(h) Pointe (3) de Chuid III d'Iarscríbhinn XV go dtí an 31 Nollaig 2015;".

(25) Leathanach 792, Iarscríbhinn I, Cuid XXIV, Roinn 2, an t-ochtú sraith sa tábla:

in ionad:

"ex 1212 99 95	Fréamhacha siocaire";

léitear:

"1212 94 00	Fréamhacha siocaire".

(26) Leathanach 797, Iarscríbhinn II, Cuid V:

in ionad: "Ciallaíonn 'bó-ainmhithe' ainmhithe beo den speiceas buaibheach clóis faoi chuimsiú chóid AC 0102 21, 0102 31 00, 0102 90 20, ex 0102 29 10 go ex 0102 29 99, 0102 39 10, 0102 90 91";

léitear: "Ciallaíonn 'bó-ainmhithe' ainmhithe beo den speiceas buaibheach clóis faoi chuimsiú chóid AC 0102 21, ex 0102 31 00, 0102 90 20, ex 0102 29 10 go ex 0102 29 99, 0102 39 10, 0102 90 91".

(27) Leathanach 826, Foscríbhinn II a ghabhann le hIarscríbhinn VII, cuirtear an abairt seo a leanas faoin tábla:

"Ní fhéadfar cion saille bainne na dtáirgí a liostaítear san Fhoscríbhinn seo a mhodhnú ach le próisis fhisiciúla".

(28) Leathanaigh 841-854, Iarscríbhinn XIV:

(a) Is mar a leanas a léitear na línte sa tábla comhghaoil a bhaineann le hAirteagail 66 go 85(d), 103g, 113a(4), 113b, 114, 115, 116, 118o, 118p, 122, 125a, agus 126b:

[Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007]	[An Rialachán seo]	[Rialachán (AE) Uimh.1306/2013]
Airteagal 66	— [2]	—
Airteagal 67	— [2]	—
Airteagal 68	— [2]	—
Airteagal 69	— [2]	—
Airteagal 70	— [2]	—
Airteagal 71	— [2]	—
Airteagal 72	— [2]	—
Airteagal 73	— [2]	—
Airteagal 74	— [2]	—
Airteagal 75	— [2]	—
Airteagal 76	— [2]	—
Airteagal 77	— [2]	—
Airteagal 78	— [2]	—
Airteagal 79	— [2]	—
Airteagal 80	— [2]	—
Airteagal 81	— [2]	—
Airteagal 82	— [2]	—
Airteagal 83	— [2]	—

[Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007]	[An Rialachán seo]	[Rialachán (AE) Uimh.1306/2013]
Airteagal 84	— (2)	—
Airteagal 85	Maidir le bainne: — (2) Maidir le hearnálacha eile	—
— Airteagal 85(a)	Airteagal 143(1) agus Airteagal 144(a)	—
— Airteagal 85(b)	Airteagal 144(j)	—
— Airteagal 85(c)	Airteagal 144(i)	—
— Airteagal 85(d)	—	—
Airteagal 103g	Airteagal 33(1), Airteagal 37(a) agus Airteagal 38(b)	—
Airteagal 113a(4)	— (2)	—
Airteagal 113b	Airteagal 78	—
Airteagal 114	Airteagal 78(1) (2)	—
Airteagal 115	Airteagal 78(1), Airteagal 75(1)(h) (2)	—
Airteagal 116	Airteagal 78(1), Airteagal 75(1)(f) agus (g) (2)	—
Airteagal 118o	—	Airteagal 90(2)
Airteagal 118p	—	Airteagal 90(3)
Airteagal 122	Airteagail 152 agus 160	—
Airteagal 125a	Airteagail 153 agus 160	—
Airteagal 126b	Airteagal 163	—

(b) Déantar an líne sa tabla comhghaoil a bhaineann le hIarscríbhinn XIV.A de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 a léamh mar an dá líne seo a leanas:

Iarscríbhinn XIV.A, pointe I, pointe II agus pointe III	Iarscríbhinn VII, Cuid VI	—
Iarscríbhinn XIV.A, pointe IV	Airteagal 89	—

(29) Leathanach 854, Iarscríbhinn XIV, iarnóta 1:

in ionad: "(1) Féach freisin Rialachán ón gComhairle le glacadh i gcomhréir lehAirteagal 43(3) CFAE";

léitear: "(1) Féach freisin Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena gcinntear bearta i dtaca le cabhracha agus aisíocaíochtaí áirithe a bhaineann le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta (IO L 346, 20.12.2013, lch. 12).".